Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Eanáir 2021
(OR. en)

13541/1/20
REV 1

INST 289
CMPT 8

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí |

**CINNEADH (AE) 2021/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta den Chúirt Iniúchóirí**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 286(5) de,

Ag féachaint don togra ó Phoblacht na Polainne,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Tuairim an 15 Nollaig 2020 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Trí bhíthin Chinneadh (AE, Euratom) 2016/640[1] ón gComhairle, ceapadh Janusz WOJCIECHOWSKI mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 7 Bealtaine 2016 go dtí an 6 Bealtaine 2022.

(2) I litir uaidh dar dáta an 27 Samhain 2019, chuir Janusz WOJCIECHOWSKI in iúl go raibh sé ag éirí as oifig mar chomhalta den Chúirt Iniúchóirí le héifeacht ón 30 Samhain 2019.

(3) Tar éis do Janusz WOJCIECHOWSKI éirí as oifig, is gá comhalta nua a cheapadh ar feadh a bhfuil fágtha dá théarma oifige.

(4) Tá sé molta ag Poblacht na Polainne Marek OPIOLA a cheapadh ina chomhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ó 1 Feabhra 2021 go dtí 6 Bealtaine 2022,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2016/640 ón gComhairle an 21 Aibreán 2016 lena gceaptar cúig comhalta den Chúirt Iniúchóirí (IO L 108, 23.4.2016, lch. 32).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Marek OPIOŁA ina chomhalta den Chúirt Iniúchóirí don tréimhse ón 1 Feabhra 2021 go dtí an 6 Bealtaine 2022.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/i/sa...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---